



<b>Coláiste   Aonad Bainistíochta:</b>	Gnóthaí Acadúla UCD
<b>Scoil   Aonad:</b>	Rochtain agus Foghlaim ar feadh an tSaoil UCD
<b>Teideal an Phoist agus Réimse Ábhar (más ábhartha) :</b>	<b>Comhordaitheoir Teicneolaíochta Oiriúnaitheacha</b>
<b>Tréimhse an Phoist:</b>	3 bliana & (Painéal, Buan & Sealadach 12 mhí)
<b>Grád:</b>	95 Oifigeach Riaracháin li_2010
<b>Cnuasach Poist agus Leibhéal Gairme:</b>	Oibríochtaí agus Bainistíocht Acadúil agus Clár – Leibhéal Gairme 3
<b>Uimhir Thagartha um Jabmheastóireacht:</b>	2022-04-017
<b>Bainisteoir Líne:</b>	Stiúrthóir Rochtana agus Foghlama ar feadh an tSaoil nó a nAinmní
<b>Uimhir Thagartha an Chomórtais:</b>	018452
<b>Riarthóir Acmhainní Daonna:</b>	Nicola Manley
<b>Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána:</b>	TÁ

### Achoimre ar an bPost:

Is é ról Rochtain agus Foghlaim ar feadh an tSaoil (ALL) UCD ná tacaíocht a thabhairt don Ollscoil a bheith ina pobal scolártha éagsúil agus ionchuimsitheach. Ag tuairisciú don Bhainisteoir Tacaíochta Míchumais, beidh an Comhordaitheoir Teicneolaíochta Oiriúnaitheacha ina bhall lárnach den fhoireann ALL. Cuirfidh an té a n-éireoidh leo le tiomantas na hOllscoile do rannpháirtíocht a leathnú agus rochtain a fheabhsú do gach mac léinn, rud a chuirfidh timpeallacht ionchuimsitheach a dhéanann normalú ar éagsúlacht agus ar chomhionannas chun cinn.

Príomhghné dár dtacaíocht do mhic léinn faoi mhíchumas is ea Teicneolaíocht Oiriúnaitheacha (AT) a sholáthar, lena n-áirítear táirgí, córais agus réitigh a sholáthar lena gcinntítear gur féidir leis na mic léinn seo a bheith go hiomlán rannpháirteach ina n-eispéireas oideachais. Agus é ag obair faoi threoir an Bhainisteora Tacaíochta Míchumais, tá freagracht shonrach ar Chomhordaitheoir na Teicneolaíochta Oiriúnaitheacha as 1) plean tacaíochta comhtháite AT do mhic léinn faoi mhíchumas a sholáthar, a cheapadh agus a threorú, 2) oiliúint AT a soláthar, agus 3) cur chuige comhleanúnach uile-ollscoile a chinntiú maidir le comhtháthú, cur chun cinn agus príomhshruthú réiteach AT a théann chun sochair gach mac léinn i UCD.

Beidh taithí shuntasach ag an iarrthóir a cheapfar ar réitigh Teicneolaíochta Oiriúnaitheacha a bhaineann le suíomh oideachais tríú leibhéal. Cuirfidh siad saineolas i bhfeidhm ar fhorbairt agus ar sheachadadh seirbhíse ardchaighdeán do scoláirí.

### Príomhdualgais agus Príomhfhreagrachtaí:

#### 1. Plean tacaíochta comhtháite AT do mhic léinn faoi mhíchumas a sholáthar, a cheapadh agus a threorú:

- Próisis a threorú agus a chur i bhfeidhm a lena gcinntear riachtanais Teicneolaíochta Oiriúnaitheacha na mac léinn faoi mhíchumas i suíomh acadúil.
- Measúnuithe Riachtanas agus Teicneolaíochta Oiriúnaitheacha a dhéanamh le haghaidh ualach cásanna mac léinn faoi mhíchumas chun Socruithe agus tacaíochtaí Réasúnta cuí a chinneadh.
- Taighde a dhéanamh ar réitigh Teicneolaíochta Oiriúnaitheacha oiriúnacha do mhic léinn agus iad a sholáthar ar son Rochtain agus Foghlaim ar feadh an tSaoil UCD.

- Bunachar sonraí de theicneolaíochtaí a thugtar ar iasacht do mhic léinn agus córas taisce ar líne a fhorbairt agus a bhainistiú.
- Taifid a choinneáil ar chaitechas ar theicneolaíocht agus ar thacaíochtaí eile a chuirtear ar fáil do mhic léinn agus atá maoinithe ag an gCiste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas (FSD).
- Próiseas atreoraithe Teicneolaíochta Oiriúnaitheacha a bhainistiú chun teicneolaíochtaí a sholáthar do mhic léinn a bhfuil Measúnú Riachtanas déanta acu le comhghleacaithe laistigh de Rochtain agus Foghlaim ar Feadh an tSaoil UCD.
- Na riachtanais teicneolaíochta do shocruithe malartacha scrúdaithe a chinneadh agus socrú agus soláthar na socruithe sin a bhainistiú, i gcomhar le comhghleacaithe in ALL, Measúnú, Clárlann UCD agus eile, de réir mar is gá.
- Bainistiú a dhéanamh ar sholáthar raon tacaíochtaí oideachais, lena n-áirítear Cúntóirí Pearsanta, Glacadóirí Nótaí, ateangairí Teanga Chomharthaíochta na hÉireann, Cianfhotheidealú, iompar, agus sainseirbhísí eile a theastaíonn ó mhic léinn faoi mhíchumas agus dul i gcomhairle le gníomhaireachtaí seachtracha lena chinntiú go mbíonn siad seo ar fáil.
- Cabhrú le mic léinn ó ghrúpaí tearcionadaithe dul i dtaithe ar thimpeallacht an choláiste agus ar na scileanna digiteacha a theastaíonn ó mhic léinn i dtimpeallacht acadúil.
- Freagairt ar cheisteanna ginearálta ón bhfoireann agus ó mhic léinn trí ríomhphost, ar an teileafón agus go pearsanta.

## 2. Oiliúint AT a sholáthar:

- Freagrach as forbairt agus scaipeadh gach ábhar oiliúna do mhic léinn, don fhoireann agus don dáimh ar Theicneolaíochtaí Oiriúnaitheacha agus inrochtaineacht gréasáin.
- Comhoibriú le comhghleacaithe in ALL chun ábhair oiliúna ar líne a fhorbairt do mhic léinn agus don fhoireann ar Theicneolaíocht Oiriúnaitheacha.
- Oiliúint ghrúpa a ullmhú agus a sholáthar don fhoireann agus do mhic léinn ar Theicneolaíocht Oiriúnaitheacha agus inrochtaineacht.
- Tacú le comhghleacaithe i Rochtain agus Foghlaim ar Feadh an tSaoil UCD chun acmhainní foghlama ar líne a fhorbairt do mhic léinn tríd an Timpeallacht Foghlama Fíorúil (Brightspace).
- Comhoibriú le comhghleacaithe chun an suíomh gréasáin do Rochtain agus Foghlaim ar Feadh an tSaoil UCD a nuashonrú i gcomhar leis an bhfoireann níos leithne.

## 3. Cur chuige comhleanúnach uile-ollscoile a chinntiú maidir le comhtháthú, cur chun cinn agus príomhshruthú réiteach AT a théann chun sochair gach mac léinn in UCD:

- Caidrimh oibre chomhoibríocha a thógáil agus a chothabháil le pobal na hOllscoile chun inrochtaineacht dhigiteach agus buntáistí AT a chur chun cinn do gach mac léinn.
- Deiseanna agus straitéisí a aithint chun réitigh AT a chomhtháthú agus a phríomhshruthú ar fud na hOllscoile.
- Clár oibre comhtháite agus comhleanúnach a phleanáil agus a chur i bhfeidhm a thacaíonn le leabú cleachtas cuimsitheach AT, i gcomhairle le foireann tionscadail Ollscoil do Chách.
- Rúibríic a fhorbairt lena dtreorófar tionchar an tsoláthair AT a thomhas. Faisnéis a bhaineann le tionscadail a fhorbairt agus a scaipeadh trí fhoilseacháin, seimineáir etc. chun éagsúlacht agus cleachtas cuimsitheach na hOllscoile a chur chun cinn agus a thaispeáint.
- Caidrimh chomhoibríocha a thógáil agus a chothabháil le pobal na hollscoile.
- Cuir le clár oibre Rochtana agus Foghlama ar Feadh an tSaoil chun tacú le cuspóir straitéiseach UCD a bheith ina phobal léannta ilghnéitheach agus cuimsitheach.
- Dualgais eile dá leithéid a chur i gcrích de réir mar a chinneann agus a stiúran an Stiúrthóir Rochtana agus Foghlama ar Feadh an tSaoil nó a n-ainmní.

## Sainiúil don phost seo:

**95 Admin Officer li\_2010 (0173\_X) Scála Tuarastail: €50,974 - €65,154 in aghaidh na bliana**  
Déanfar an ceapachán ar scála agus de réir threoirilínte na Roinne Airgeadais.

Tá sonraí faoi incháilitheacht chun dul san iomaíocht agus eolas pinsin ar fáil ag

<https://www.ucd.ie/hr/resourcing/eligibilitytocompete/>

Tá UCD tiomanta do thimpeallacht chuimsitheach a chruthú ina ndéantar an éagsúlacht a cheiliúradh agus ina dtugtar comhionannas deiseanna do gach duine. Fáiltimid roimh iarratais ó gach duine, iad siúd lena mbaineann aon cheann de na tréithe cosanta atá leagtha amach inár mbeartas um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú san áireamh. Faigh tuilleadh eolais faoin Éagsúlacht ag <https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/>

Soláthrófar socruithe réasúnta d'aon iarratasóir le linn an phróisis agallaimh a nochtar go bhfuil míchumas nó néar-éagsúlacht acu.

### **Éigeantach:**

#### **Taithí agus Cailíochtaí**

- Céim i ndisciplín ábhartha nó taithí choibhéiseach i réimse ábhartha.
- Trí bliana ar a laghad de thaithí oibre ábhartha.
- Taithí le bheith ag obair le raon leathan daoine faoi mhíchumas.
- Scileanna cumarsáide agus eagrúcháin dea-fhorbartha.
- Taithí roimhe seo ar thacaíocht theicniúil a sholáthar.
- Taithí roimhe seo ar chleachtas cuimsitheach
- Ní mór d'iarrthóirí feasacht ar an gclár oibre um chomhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú a léiriú.

#### **Inniúlachtaí Feidhmiúla**

- **Bainistíocht Sonraí (Leibhéal Oilteachta 2):** Eolas láidir ar bhainistiú sonraí dea-chleachtais.
- **Athléimneacht Oibríochtúil (Leibhéal Oilteachta 2):** Cumas substaintiúil chun seasmhacht agus feidhmíocht a choinneáil i dtascanna laethúla agus gníomhú go héifeachtach agus iad faoi bhrú.
- **Tacaíocht, Treoir agus Comhairle (Leibhéal Oilteachta 2):** Cumas láidir tacaíocht agus treoir a sholáthar do scoláirí, don fhoireann teagaisc agus do bhaill fhoirne, agus cur amach agus inniúlacht a fhorbairt i ndáil le seirbhísí tacaíochta eile agus cathain is ceart dul i ngleic leo.
- **Grinneas Teicniúil (Leibhéal Oilteachta 2):** Cumas suntasach eolas teicniúil, scileanna agus breithiúnas a chur i bhfeidhm chun torthaí a bhaint amach. Inniúlacht a fhorbairt maidir le bealaí a aithint chun seirbhís a fhorbairt agus a fheabhsú ó thaobh an chustaiméara de.

#### **Príomhinniúlachtaí**

- **Cumarsáid Éifeachtach:** An cumas chun dul i mbun cumarsáide scríofa agus béil atá soiléir, gan athbhrí, trédhearcach, agus comhsheasmhach le luachanna UCD, faisnéis agus smaointe a chur in iúl agus a roinnt le daoine eile, éisteacht go cúramach, tuiscint a shoiléiriú agus dearcthaí éagsúla a mheas.
- **Obair a dhéanamh as do stuaim féin:** An cumas chun moltaí a dhéanamh maidir le feabhsúcháin ina réimse oibre féin agus gníomhú go luath chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna agus iad a réiteach agus réitigh a aimsiú. An cumas tosaíocht a thabhairt dá n-ualach oibre féin agus cásobair chasta a bhainistiú.
- **Tosaíocht a Thabhairt don tSeirbhís agus Nuálaíocht:** Sárchumas agus sárthuisicint ar riachtanais éagsúla scoláirí agus ar an gcumas chun tionchar oideachais atá ag míchumas scoláire a mheas. Cumas oibriú le hábhar rúnda ar bhealach discrídheach; agus na caighdeáin ghairmiúla is airde a choinneáil ar aon dul le prótacail um Chosaint Sonraí.
- **Caidreamh a Chothú:** An cumas caidrimh éifeachtacha oibre a chothú laistigh dá bhfoireann féin agus ar bhonn níos leithne, chun comhar agus comhoibriú a spreagadh i bhfoirne eile, oibriú thar fhoirne iomadúla go comhuaineach agus comhpháirtíochtaí a chothú chun torthaí a bhaint amach.
- **An tAthrú a Bhainistiú:** An cumas cur chuige dearfach a ghlacadh i leith na hoibre, glacadh leis an t-athrú agus aiseolas a lorg maidir le feidhmíocht agus déileáil leis go cuiditheach. Athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar phróisis agus ar fheabhsú seirbhíse.

- **Páirtithe Leasmhara a Bhainistiú:** Eolas domhain ar an réimse socruithe agus tacaíochtaí réasúnta atá ar fáil, agus úsáid chuí na socruithe agus na dtacaíochtaí sin. Eolas ar dheardh uilíoch, inrochtaineacht agus teicneolaíocht chúnta. Eolas ar na dúshláin a bhaineann le rannpháirtíocht a leathnú do gach grúpa atá faoi ghannionadaíocht.
- **Pleanáil agus Eagrú:** An cumas a gcuid oibre féin a phleanáil agus a eagrú go héifeachtach, tosaíochtaí soiléire a leagan síos agus a chinntiú go gcomhlíontar spriocdhátaí agus gníomhaíochtaí a eagrú, tascanna a scaradh agus a chur le chéile chun aschuir a sholáthar de réir fráma ama soiléir chun cuspóirí na Scoile/Aonaid/Coláiste/Ollscoile a bhaint amach. Taithí mhaith ar thuarascálacha a dhréachtú, cuir i láthair a dhéanamh agus cur le tionscadail.
- **Feasacht Eagraíochta:** An cumas tuiscint ar UCD ina iomláine a léiriú, struchtúir agus rialacháin rialachais san áireamh. Eolas maith ar bheartais agus nósanna imeachta na hollscoile. Eolas ar reachtaíocht ábhartha agus a cur i bhfeidhm (e.g. an tAcht um Míchumas 2005, an tAcht um Stádas Comhionann 2000 – 2008, An tAcht Eorpach um Inrochtaineacht).

#### **Inmhianaithe:**

- Taithí roimhe seo ag obair in ardoideachas agus/nó i dtimpeallacht tacaíochta atá dírithe ar chustaiméirí.
- Cáilíocht nó oiliúint ábhartha sa Teicneolaíocht Oiriúnaitheacha.

#### **Eolas Breise:**

An Ollscoil:	<a href="https://www.ucd.ie/">https://www.ucd.ie/</a>
Straitéis 2030 UCD: Teorainneacha a Shárú:	<a href="https://strategy.ucd.ie/">https://strategy.ucd.ie/</a>
An Coláiste/Aonad Bainistíochta:	<a href="https://www.ucd.ie/registrar/ucdacademicaffairs/">https://www.ucd.ie/registrar/ucdacademicaffairs/</a>
An Scoil/Oifig an Chláir/Aonad:	<a href="https://www.ucd.ie/all/">https://www.ucd.ie/all/</a>
Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú ag UCD:	<a href="https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/">https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/</a>

#### **Fiosrúcháin Neamhfhoirmeálta AMHÁIN chuig:**

Ainm:	Deirdre Staunton
Teideal:	Bainisteoir Tacaíochta Míchumais
Seoladh ríomhphoist:	<a href="mailto:deirdre.staunton@ucd.ie">deirdre.staunton@ucd.ie</a>